

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# Junior **CYCLE** for teachers

*Bealtaine 2018*

*A Mhúinteoir an Staidéir Ghnó,*

*Fáilte go dtí an t-eagrán is déanaí dár nuachtlitir do mhúinteoirí an Staidéir Ghnó. San eagrán seo, thug muid mionchuntas ar roinnt dátaí tábhachtacha i dtaca lenár liosta seachadta agus an reachtaíocht maidir leis an reachtaíocht RGCS (GDPR) atá ag teacht. Leag muid amach thíos freisin na Príomhdhátaí i gcomhair MRB 1 in 2019 agus meabhrán maidir leis na ceisteanna samplacha ar Churaclam ar Líne, na Ráitis PGSS agus acmhainn nua i gcomhair Cláir Foghlama Leibhéal 2.*

*Is mian linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leat as ucht do rannpháirtíochta linn i rith na bliana agus chun sos samhraidh den chéad scoth a ghuí ort féin agus ar do chuid scoláirí.*

*Foireann an Staidéir Ghnó*

## **Fógra Tábhachtach Maidir le RGCS (GDPR) & Liosta Seachadta an Staidéir Ghnó**

Tá tú ag fáil an ríomhphoist seo mar go bhfuil tú cláraithe faoi láthair lenár liosta seachadta Staidéar Ghnó. Faoi ar is eol duit, b'fhéidir, de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), tiocfaidh rialacha nua de chuid an AE i bhfeidhm i dtaca le Cosaint Sonraí ar 25 Bealtaine 2018. Dá bharr sin, ní mór don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) a chinntiú gur ga gach sonra a fháil agus a phróiseáil ar bhonn cothrom.

Chuide sin, táimid anois ag iarraidh más mian leat é go gcuirtear do shonraí teagmhála ar liosta seachadta Staidéar Ghnó an SSM go gcaithfidh tú athchlárú lena aghaidh sin. Le gur féidir leat leanúint de bheith ag fáil eolais ó Staidéar Ghnó an SSM faoinár gcuid tacaí do mhúinteoirí déan athchlárú le do thoil ag úsáid [an naisc seo](#).

Is mian linn a chur in iúl daoibh go stórálfar do chuid sonraí go slán sábháilte leis an SSM agus nach úsáidfear iad ach chun tú a chur ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí agus tacaí ábhartha SSM. Mura ndéanann tú athchlárú, faoi 25 Bealtaine, is oth linn a rá go mbainfear den liosta seachadta thú agus go measfar gur éirigh tú as teagmháil lena bhfuil thuas.

### Príomhdhátaí MRB 1 2019

Tá [an liosta de príomhdhátaí an Staidéir Ghnó](#) do 2019 foilsithe anois ag ár gcomhghleacaithe sa CNCM. Baineann na dátaí seo leis an gcohort scoláirí a bheidh sa 2ú bliain in 2018-2019. Feictear na dátaí ábhartha thíos:


<b>Measúnú Rangbhunaithe 1 2018/2019 le haghaidh Ghnó na Sraithe Sóisearaí</b>	
<b>An sceideal a leanfaidh an scoil le haghaidh an mheasúnaithe rangbhunaithe <b>Gnó á chur i ngníomh</b> in 2018/2019</b>	
An tréimhse a gcaithfidh an scoláire ceithre seachtaine ag cur Gnó á chur i ngníomh i gcrích	Dé Luain, 4 Márta go dtí Dé hAoine, 12 Aibreán 2019
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir Tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 3 Bealtaine 2019
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 10 Bealtaine 2019

### Príomhdhátaí MRB 2 agus Tasc Measúnaithe 2018

Tarlóidh MRB 2 (Láithreoireacht) do scoláirí sa tríú bliain in 2018-2019 laistigh den tréimhse a leagtar amach thíos. Ina dhiaidh sin déanfar an Tasc Measúnaithe le linn am ranga laistigh den tréimhse ama a leagtar amach thíos. Óstálfaidh foireann an Staidéir Ghnó gréasán seimineáir ina ndíreofar ar MRB 2 sa chéad téarma de 2018-2019.

<b>Measúnú Rangbhunaithe 2 le haghaidh Ghnó na Sraithe Sóisearaí</b>	
<b>An sceideal a leanfaidh an scoil le haghaidh an mheasúnaithe rangbhunaithe <b>'Cur i láthair'</b> in 2018/2019</b>	
An tréimhse ina gcaitheann an scoláire trí seachtaine ag cur an Chuir i láthair i gcrích	Dé Luain, an 12 Samhain go dtí Dé hAoine, an 7 Nollaig 2018
An dáta deiridh chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích	Dé hAoine, an 14 Nollaig 2018
An dáta deiridh a bhronnfaidh an múinteoir Tuairisceoirí	Dé Luain, an 17 Nollaig 2018
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích	Dé hAoine, an 21 Nollaig 2018

## Cláir Foghlama Leibhéal 2



Tá doiciméad déanta ag an bhfoireann a dhíríonn ar na naisc fhéideartha idir na Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna), na hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) agus Sonraíocht an Staidéir Ghnó. Tá sé i gceist leis seo cabhair a thabhairt do mhúinteoirí nascadh a dhéanamh idir an tSonraíocht agus pleanáil i gcomhair scoláirí ar Chláir Foghlama Leibhéal 2. Tá an doiciméad ar fáil sa rannán pleanála dár suíomh gréasáin.

## Aiseolas ar Dhréachtráitis an Staidéir Ghnó don CSSS (JCSP)

Rinne ár gcuid comhghleacaithe san SFGM (PDST) dréachtráitis CSSS a ullmhú don Staidéar Gnó. Rinneadh na dréachtráitis seo a fhorbairt le hionchur ó roinnt múinteoirí gníomhacha Staidéar Gnó i scoileanna CSSS. Ofráiltear iad mar mhúnla féideartha amháin is féidir le múinteoirí a a úsáid le tabhairt faoi Shonraíocht nua Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. Fáiltítear roimh aiseolas ar na Raitis tríd an nasc seo.

## Ceisteanna Samplacha Staidéar Gnó



D'fhorbair ár gcomhghleacaithe sa CNCM sraith de cheisteanna a thugann léargas ginearálta ar chineálacha agus ar fhormáid míreanna measúnaithe a thiocthadh a úsáid chun na torthaí foghlama a mheas i sonraíocht Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí ag leibhéal comónta. Ba chóir na míreanna a cuireadh isteach a áireamh ina samplaí de phíosáí aonair ábhar measúnaithe.

Ní ceisteanna iomlána ná páirteacha ó pháipéar scrúdaithe iad, ná ní iarracht iad chun aithris a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an páipéar scrúdaithe a bheith leagtha amach ach seans go mbeadh siad úsáideach daoibh chun cabhrú le forbairt an ábhair mheasúnaithe, go háirithe, agus muid ag druidim le deireadh an chéad téarma do scoláirí céad agus dara bliain an Staidéir Ghnó.

Chun breis eolais a fháil téigh i dteagmháil le [info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)

Lean sinn ar Twitter @jct\_Business [www.jct.ie](http://www.jct.ie)